Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10639– MAX MARA / MITSUI / MCJ)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 102/07)

1. An 22 Feabhra 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui & Co. Ltd. ("Mitsui", an tSeapáin),

— Max Mara Fashion Group ("MMFG", an Iodáil), faoi úinéireacht an Max Mara Group,

— International Fashion Trading S.a.r.l. ("IFT", Lucsamburg), faoi úinéireacht an Max Mara Group,

— Max & Co. Japan Co. Ltd. ("MCJ", an tSeapáin), faoi rialú an Max Mara Group.

Gheobhaidh Mitsui rialú comhpháirteach ar MGJ ina iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadail é Mitsui, agus is i dTóiceo na Seapáine atá a cheanncheathrú. Oibríonn Mitsui ar fud an domhain agus tá sé gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear i dtáirgeadh, dáileadh agus gníomhaíochtaí miondíola éadaigh,

— Is grúpa Iodálach cuideachtaí é MMFG, grúpa a mhonaraíonn agus a dhíolann éadach prét-a-porter agus oiriúintí ar an leibhéal domhanda. Is leis an ngrúpa roinnt brandaí lena n-áirítear Max Mara, Max & Co., Sportmax, Weekend Max Mara, Pennyblack, Marina Rinaldi, Persona, Marella, Emme Marella, iBlues agus Intrend,

— Is cuideachta atá lonnaithe i Lucsamburg é IFT agus is cuid den Max Mara Group é ar deireadh. Gníomhaíonn an chuideachta mar thrádála ar éadach Max Mara Fashion Group ar mhargadh na Seapáine, i measc margaí eile,

— Is fochuideachta Sheapánach de chuid MMFG é Max & Co. Japan (MCJ), fochuideachta atá gníomhach i miondíol tháirgí brandáilte Max & Co agus Marina Rinaldi sa tSeapáin. Max Mara Japan, ar cuideachta chomhfhiontair é idir Mitsui, IFT agus MMFG agus atá gníomhach i miondíol tháirgí brandáilte Max Mara agus Weekend Max Mara sa tSeapáin, slógfaidh sé MCJ.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

M.10639 – MAX MARA / MITSUI / MCJ

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË